# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

22 Lúnasa 2024 Eagrán 210




Céad fáilte roimh Mháire Tréasa 7 roimh Mháire Úna!
Grianghraf: Mícheál Ó Lochlainn

# OPTanna nua i gCois Fharraige

## Máire Treasa Uí Dhufaigh



Rugadh agus tógadh mise in Inis Oirr. Tá mo shaol oibre caite agam ag múineadh i mbunscoileanna i gCo. Lú, i gCo. Bhaile Átha Cliath, in Inis Oírr agus in Inis Meáin. Chomh maith leis sin bhí mé i mo Chomhordaitheoir Náisiúnta ar Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge, an tionscadal as ar eascair *Séideán Sí*, an pacáiste teagaisc do scoileanna a bhíonn ag múineadh trí mheán na Gaeilge.

Nuair a d'éirigh mé as an múinteoireacht thug mé faoin scríbhneoireacht chruthaitheach agus tá an tsraith *Oileán na Leice*, a scríobh mé do dhéagóirí, foilsithe ag Leabhar Breac. Tar éis dom cáilíocht a bhaint amach mar aistritheoir, thosaigh mé ag obair mar shaor-aistritheoir chomh maith le bheith ag múineadh Gaeilge do dhaoine fásta. Tá mé gníomhach i saol na Gaeilge le fada agus mé i mbun áisitheoireachta le scaitheamh anuas ar ghrúpaí comhrá agus ar chlub leabhar i gcathair na Gaillimhe.

Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair anseo i gCois Fharraige mar Oifigeach Pleanála Teanga agus deis a bheith agam aithne níos fearr a chur ar mhuintir na háite.

## Máire Úna Ní Fhátharta



Rugadh agus tógadh mé i nDoire Locháin Thoir sa Spidéal. Chuaigh mé ag an scoil náisiúnta anseo ar an Spidéal chomh maith le dhul ag Coláiste Chroí Mhuire anseo sa Spidéal. Ina dhiaidh sin, d'fhreastail mé ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh, áit ar bhain mé amach bunchéim san eolaíocht. Chaith mé scaitheamh ag obair mar eolaí nó gur shocraigh mé filleadh ar an gcoláiste arís le cúrsa bunmhúinteoireachta a dhéanamh i gColáiste Phádraig. Tar éis dom seal a chaitheamh ag múineadh i mBaile Átha Cliath, thug mé m'aghaidh thar lear go Catar, áit ar chaith mé cheithre bliana ag obair mar mhúinteoir.

Tá mé ar ais i gCois Fharraige anois le cúpla bliain anuas i measc mo mhuintire. Is breá liom bheith amuigh ag siúl cois cladaigh nó ag snámh sa bhfarraige ar Thrá an tSáilín nó ar Thrá na bhForbacha atá buailte orainn.

Tá ríméad orm a bheith ceaptha mar dhuine den bheirt Oifigeach Pleanála Teanga do Chois Fharraige. Táim ag siúl go mór le bheith ag obair leis an bpobal ar mhaithe leis an teanga a chur chun cinn agus a neartú. Tógadh mé fhéin le Gaeilge. Ba mhaith liom mo chuid a dhéanamh sa gcaoi is go mbeidh ceantar Chois Fharraige i gcónaí ina cheantar láidir Gaeltachta.

# Príomhoide nua sna Forbacha



Is í Áine Ní Thuathail Príomhoide nua Scoil na bhForbacha. Tá sí ar fhoireann na scoile le roinnt mhaith blianta anois agus í ag obair mar mhúinteoir ranga, mar mhúinteoir riachtanais bhreise agus mar Phríomhoide Cúnta 2.

Bronnadh a bunchéim oideachais uirthi i gColáiste Phádraig i mBaile Átha Cliath, áit ar leag sí bonn láidir dá gairm mar mhúinteoir agus tá iarchéimeanna aici san Oideachas Lán Ghaeilge agus Gaeltachta agus sa gCeannaireacht Scoile.

Tá an-suim ag Áine sa teagasc agus sa bhfoghlaim. Tá rún aici timpeallacht a chruthú ina bhfuil gach páiste agus ball foirne á spreagadh chun a mbarrchumais féin a bhaint amach. Feictear di go bhfuil an t-ádh léi a bheith ag obair le foireann iontach díograiseach agus le pobal scoile fáiltiúil a thacóidh léi an fhís seo a chur i gcrích.

Is Gaeilgeoir bródúil í, atá tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge sa scoil agus sa mórphobal. Tuigeann sí na dúshláin a bhaineann le bheith suite ar imeall na Gaeltachta ach feiceann sí ar bhonn laethúil an difir ollmhór a dhéanann sé nuair a chothaítear an Ghaeilge ar bhealaí atá dearfach agus taitneamhach.

Is breá léi an léitheoireacht is an drámaíocht agus tá suim ar leith aici sa bhfolláine, réimse a mheasann sí a bheith mar bhunchloch do shláinte agus do shonas na bpáistí agus na foirne.

Creideann sí go láidir sa gcineáltas, oidhreacht atá fágtha ag a réamhtheachta Seán Breathnach – *tá an cineáltas tógálach* an manna atá aici do Scoil na bhForbacha.

Leis an meon dearfach agus an tiomantas atá aici, tá Áine Ní Thuathail réidh le Scoil na bhForbacha a threorú ar aghaidh i dtreo na todhchaí, ag cur béime ar fhás oideachasúil agus pearsanta chuile bhall den phobal scoile. Tá sí ag súil le hoibriú i gcomhar leis an bhfoireann, leis na tuismitheoirí agus leis na páistí le scoil a chruthú ina mbíonn fás, foghlaim agus cineáltas mar chroílár na beatha laethúla. Tá sí tiomanta do thimpeallacht a chothú ina bhfuil an Ghaeilge, an dearfacht agus an chomhthuiscint ag bláthú.

Guíonn muid chuile rath ar Áine ina cuid cúraimí nua!

# Corn Cuimhneacháin Dharagh Uí Fhlatharta




Imreofar cluiche comórtha ar pháirc an Athar Mhic Suibhne i gColáiste Chonnacht ar an Satharn beag seo 24 Lúnasa i gcuimhne ar Dharagh Ó Flatharta, a bhásaigh go tobann agus go hóg bliain ó shin.

B'as an gCoileach sa Spidéal do Dharagh agus bhí sé ag cur faoi in Aill an Phreacháin sna Forbacha. Fear mór iomána ab ea é, iar-imreoir leis an Spidéal ach é an-ghníomhach le club Bhearna - na bhForbacha le fada. Imreoidh an dá chlub a chéile i gcuimhne ar a sean-chara.

Beidh fáilte ar leith roimh imreoirí a d'imir le Daragh, imreoirí Sóisir E nó imreoirí atá éirithe as an imirt a bheith páirteach sa gcluiche. Cluiche 20 nóiméad an taobh a bheas ann le hionadaithe ag déanamh sealaíochta ar a chéile.

# Peileadóirí Buacha faoi 15 Mhicheál Breathnach



Is iad peileadóirí faoi 15 Chumann Mhicheál Breathnach seaimpíní peile Roinn 1 ina ngrád. Fuair siad an ceann is fearr ar Órán Mór Mearaí – 1:11 in aghaidh 2:6 – ar an Mháirt seo caite.



Thug siad Corn an Chontae abhaile go bródúil leo agus cuireadh fáilte mhór rompu ar Pháirc an Chnoic. Seo an triú corn crochta leo ag an bhfoireann seo i mbliana: Corn Fhéile na Gaillimhe, Corn na Féile Peile Náisiúnta agus anois Corn Peile an Chontae.

Bronnadh gradam sár-imreoir an chluiche ar Jamie Ó Diollúin.
Maith an fear Jamie! Treise leo ar fad!

# Bláithín abú!

Bhí an-cheiliúradh i Leitir Péic sa Spidéal le gairid nuair a chroch *Spiddal Bláithín*, budóg le Patsy Phádhraic Tom Ó Conghaile, gradam Seaimpín an tSeó léi as Seó na Tulaí Móire, ceann de na seóanna talmhaíochta is mó cáil sa tír. Den phór fhrancach *Salers* as ceantar Auvergne na Fraince í Bláithín, pór atá á thógáil ag Patsy ón mbliain 2020. Bhíodh sé in iomaíocht sna seóanna sna blianta tosaigh, d'éirigh sé astu ar feadh i bhfad ach thug sé fúthu arís i mbliana. Bhí an-rath go deo air mar gur thug *Bláithín* gradam Seaimpín an tSeó léi as Áth Luain agus as An Longfort freisin. Ní mór don ainmhí an chéad áit a fháil ina rannóg féin le bheith san áireamh do ghradam Seaimpín an tSeó.

Ocht mbudóg eile a bhí san iomaíocht le *Bláithín* don mhórghradam ar an Tulach Mhór. Bhuaigh sí a rannóg féin ag Seó Osraí i gCo. Laoise chomh maith. Tugann Patsy dhá bhudóg leis ag na seóanna mar gur maith le *Spiddal Bláithín* comhluadar *Spiddal Caoimhe* a bheith léi agus í ag taisteal. Beidh lao ag *Bláithín* san Earrach agus i rannóg comórtais eile a bheas sí ina dhiaidh sin. "Ba gheall leis an All Ireland a ghnóthachtáil é" a dúirt Patsy agus é an-bhródúil as an mbonn óir agus an gcorn a bronnadh air. Beidh Patsy agus a mhac Pádhraic ag dul ar cuairt go dtí ceantar Auvergne leis an Salers Cattle Breeders Society of Ireland i dtús mhí Dheireadh Fómhair. Beidh *Bláithín* le feiceáil ag Seó Uachtar Ard an deireadh seachtaine seo. Up Leitir Péic!



Patsy Ó Conghaile, *Bláithín* agus Pádhraic Ó Ceannabháin

# Na Flaitheartaigh – Idirnáisiúntóirí

Tá Cumann Liam 7 Thomáis Uí Fhlaithearta ag reáchtáil Féile na bhFlaitheartach an dara féile shamhraidh déag dá gcuid ar Inis Mór an deireadh seachtaine seo, 24 7 25 Lúnasa.

Díreofar ar shaothar agus ar shaol Liam 7 Thomáis Uí Fhlaithearta agus fiafrófar cén bharúil a bheadh ag an mbeirt dheartháir ar cheisteanna idirnáisiúnta an lae inniu. Osclóidh Luke Callinan an Fhéile ag meán lae ar an Satharn 24ú Lúnasa i dTeach Chill Mhuirbhí.

An ealaín agus an Phalaistín an chéad ábhar. Labharfaidh monatóir cearta daonna Éireannach agus gníomhaí sóisialta as an bPalaistín faoi chás reatha na Palaistíne. Sa dara cuid den imeacht, pléifear an ghéarchéim tithíochta sna ceantair Ghaeltachta, i gcuideachta BÁNÚ. Léifear sleachta as saothar na bhFlaitheartach ar 3.30 i nGairdín Cuimhneacháin na bhFlaitheartach, faoi stiúir Mháirín Mhic Lochlainn.

Léireoidh Cumann Drámaíochta Chois Fharraige *Dúmhál*, dráma le Mícheál Ó Conghaile bunaithe ar ghearrscéal le Liam Ó Flaithearta, ag 8.30 an oíche sin i Meánscoil Éinne, Cill Rónáin. Beidh ceol agus amhráin áitiúla ina dhiaidh á gcur i láthair ag Máire Uí Dhufaigh. Tigh Joe Mac i gCill Rónáin a bheas imeachtaí an Domhnaigh. Labharfaidh an staraí an Dr John Cunningham faoi *Tomás Ó Flaithearta agus Tom Glynn, beirt réabhlóidí idirnáisiúnta*.

Chuaigh Tomás Ó Flaithearta (1890-1936) agus Tom Glynn (1881-1934) as An nGoirtín, Co. na Gaillimhe, ar imirce mar fhir óga. 'O'Flaherty go Meiriceá, Glynn go dtí an Astráil agus an Aifric Theas'. Déanann an chaint seo comparáid idir a gcreideamh poilitíochta agus a n-iriseoireacht. Éamon Ó Ciosáin a bheas ina a chathaoirleach ar an gcaint dhátheangach seo. Osclófar Féile na bhFlaitheartach Dé Sathairn 24 Lúnasa ag meánlae i dTeach Chill Mhuirbhí.





Tá sé oscailte do chách, agus tá fáilte mhór roimh an uile dhuine.

# Ainm Cleite

Beidh Ainm Cleite, an fhéile litríochta, féile na bhFilí is na Scribhneoirí, ar bun i gceantar na nOileán arís i mbliana idir an 13-15 Meán Fómhair. Tá clár an-lán beartaithe ag Seán Mac Donnchadha, Oifigeach Pleanála Teanga Ghlór na nOileán agus tá ábhar ann do shean agus d'óg le héagsúlacht bhreá i dtéamaí na deireadh seachtaine.

Tugtar tús áite don scríbhneoireacht ach tá léachtaí, seoltaí leabhar, seisiún ceoil, siúlóid, maidhc oscailte agus taispeántas ealaíne agus grianghrafadóirechta beartaithe freisin. Beidh ceardlanna scríbhneoireachta ann don óige d'fhonn glúin eile scríbhneoirí a spreagadh. Bronnfar gradam na Féile ar Mhícheál Ó Conghaile, údar agus drámadóir, agus bronnfar gradam saoil ar Chiarán Ó Fátharta, cumadóir amhrán. Beidh Pádhraic Breathnach, an t-údar clúiteach as Magh Cuillinn i láthair agus léifidh sé míreanna as *Póg mo Thóin* agus scéalta eile, an saothar is deireanaí dá chuid.

Ní gá clárú roimh ré agus is féidir bualadh isteach ag imeacht amháin nó freastal orthu ar fad!



## Seisiún Amhránaíochta na bhForbacha

Cuirfear tús le séasúr nua de sheisiún amhránaíochta na bhForbacha ar an Satharn 31 Lúnasa!

Eagraíonn Seán Ó Gráinne seisiún amhránaíochta Tigh Phádraicín thart ar uair sa mí ach bhí an seisiún ar scor i rith an tsamhraidh. Bhuel, beidh sé ar ais gan mhoill! Tugaigí faoi deara gurb é an Satharn atá i gceist an geábh seo.

Cuirigí an **Satharn 31 Lúnasa** sa dialann. Tosóidh an gabháil fhoinn ag **8.00 i.n.** agus cuirfear fáilte roimh chách!

## Taispeántas Chois Fharraige 2024

Bíonn taispeántais talmhaíochta agus tís ar bun fud fad na hÉireann an tráth seo bliana.

Beidh Taispeántas Chois Fharraige, an ceann áitiúil s'againn féin, ar bun ar champas Choláiste Chonnacht ar an Domhnach an chéad lá de mhí Mheán an Fhómhair. Tá stair fhada ag an Taispeántas, a bunaíodh ar dtús i ndeireadh na gceathrachaidí, a thig i léig ar feadh scaithimh ach a athbunaíodh sna seachtóidí.

Tá aon roinn déag sna comórtais, idir chomórtais tís agus garraíodóireachta, ealaín, grianghrafadóireacht, capaillíní, caoirigh agus madraí dar ndóigh! Tá rannóg ar leith ann do ghasúir freisin!

Níl fágtha ach seachtain. Mar sin, aimsigh an fhoirm iontrála agus roghnaigh do chomórtas! Tá an-deis ag gasúir obair a chur isteach idir cheardaíocht, bacáil brioscaí agus bláthanna. Cuir fios ar fhoirmeacha chuig tcfteo@gmail.com.

Glacfar le hiarratais ***seachas*** capaillíní agus caoirigh ar an lá!

# Sparántachtaí d’Ealaíontóirí




Cuireann **Ealaín na Gaeltachta** sparántachtaí ar fáil d’ealaíontóirí Gaeltachta le deis a thabhairt dóibh a gcuid cleachtais a fhorbairt.

Tá uasmhéid de €5,000 ar fáil d’ealaíontóirí atá luath ina gcleachtas agus uasmhéid de €10,000 ar fáil d’ealaíontóirí atá níos aibí ann.

Is é an Déardaoin 29 Lúnasa an spriocdháta le cur isteach ar an scéim.

# Club Scannán Chois Fharraige

Tar éis briseadh don samhradh beidh na scannáin ag filleadh ar Sheanscoil Sailearna ar an Déardaoin, 26 Meán Fómhair. Idir sin agus an Nollaig, taispeánfar 11 scannán ó thíortha éagsúla chuile Dhéardaoin, ag tosú ag 8.15pm. Club Scannán Sailearna a eagraíonn na himeachtaí. Ar an liosta scannán don séasúr seo tá *KNEECAP*, an scannán Gaeilge atá ag piocadh suas duaiseanna ar fud an domhain agus é molta go hard ag léirmheastóirí. Taispeánfar *KNEECAP* ar an Déardaoin, 3 Deireadh Fómhair, le linn Fhéile Chois Fharraige.

# Aifrinn sna Reiligí

Léifidh an tAthair Daniel Gallagher, Sagart Paróiste an Spidéil, trí aifreann i rith na seachtaine seo chugainn sa trí reilig i gCois Fharraige: ar an Tulach Bhuí sa gCoileach ar an Luan, 26 Lúnasa, i Reilig an Chnoic ar an Mháirt, 27 Lúnasa, agus i Reilig Mhaírois i mBaile na hAbhann ar an gCéadaoin, 28 Lúnasa. Ag 7.00 i.n i ngach cás. Muna mbíonn an aimsir in araíocht, is i gCill Éinde sa Spidéal a léifear aifrinn an Luain agus na Máirte agus i gCill Treasa i Ros an Mhíl a léifear aifreann na Céadaoine.

